Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2019
(OR. en, de)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2017/0291(COD)**

**9425/19**
**ADD 1**

**CODEC 1106**
**TRANS 346**
**MI 452**
**ENV 492**
**CLIMA 144**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2009/33/CE maidir le feithiclí iompair de bhóthar atá glan agus tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

## Ráiteas ón nGearmáin

Tá tacaíocht na Gearmáine ag aidhm na Treorach seo i.e. úsáid a bhaint as soláthar poiblí feithiclí glana iompair de bhóthar mar rannchuidiú chun aidhmeanna aercháilíochta agus aeráide a bhaint amach in earnáil an iompair.

Go meán- agus go fadtéarmach, d'fhéadfadh sé gur ugach a bheadh sa Treoir seo don mhargadh chun feithiclí glana a sholáthar. Ach i gcuid de na fo-earnálacha a chuimsítear sa Treoir, tá feithiclí den chineál sin fós i bhfad níos costasaí ná feithiclí eile agus gan a líon sách ard fós. Faoi mar atá cúrsaí faoi láthair, ní féidir a rá cé acu a bheidh nó nach mbeidh líon leordhóthanach díobh ar fáil amach anseo ná cé acu a bheidh nó nach mbeidh an earnáil phoiblí in acmhainn a leithéid a cheannach.

Tarraingeoidh cur chun feidhme na Treorach seo cuid mhaith costais agus maorlathais ar na Ballstáit, go mór mór orthu siúd a bhfuil leagan amach cónaidhmeach orthu. I ngeall ar na cuótaí arda a bhaineann le busanna glana, nach mór a chomhlíonadh sa ghearrthéarma, beidh gá le tuilleadh maoinithe don iompar éiceabhách poiblí, rud a fhágfaidh ardú costais ar thicéid don phaisinéir féin.

Ar na cúiseanna sin thuas, ní thig leis an nGearmáin an Treoir, sa riocht a bhfuil sí faoi láthair, a fhormhuiniú.

## Ráiteas ó Phoblacht na Slóvaice

Bíodh is go dtacaíonn Poblacht na Slóvaice, den chuid is mó, le cuspóirí na Treorach, is mian léi a thabhairt ar aird nár cuireadh i láthair ar an leibhéal ba ghá impleachtaí airgeadais na Treorach, agus go bhféadfadh sé go mbeadh na spriocanna atá á dtuar d'earnáil an iompair phoiblí ina siocair le srianta ar sheirbhísí iompair phoiblí a chur ar fáil.

Ní hamháin sin ach tarraingeofar tuilleadh costais i ngeall ar an mbonneagar riachtanach a bheidh le tógáil.

Ina theannta sin, is dóigh leis an tSlóvaic go mbeidh an giorrú a rinneadh ar an tréimhse trasuite a comhaontaíodh sa téacs deiridh ina fhadhb i dtaca le cuí-chur chun feidhme na Treorach, ar an leibhéal stáit agus réigiúnach araon.

Thairis sin, is dóigh le Poblacht na Slóvaice go dtiocfaidh méadú ar an ualach riaracháin má chuirtear chun feidhme an Treoir seo.

Ar na cúiseanna sin, ní thig le Poblacht na Slóvaice tacú leis an Treoir.

## Ráiteas ón Eastóin

I dtaca le haidhmeanna agus cuspóirí na Treorach seo, a réitíonn an bealach i dtreo na soghluaisteachta íseal-astaíochta, tacaíonn an Eastóin go huile is go hiomlán leo. Tacaímid leis an iompar íseal- agus nialas-astaíochta poiblí agus is mian linn dul i dtreo a leithéid.

Mar sin féin, is mian leis an Eastóin a chur in iúl arís gur údar imní di an fho-sprioc 50% do bhusanna nialas-astaíochta (an Iarscríbhinn, Tábla 5, fonóta). Go beacht barainneach, is dóigh léi go bhféadfadh an fho-sprioc a bheith ina constaic tráth a mbeifí ag roghnú na teicneolaíochta sin is fearr a fheileann do chúinsí áitiúla na mBallstát. Ní dhearnadh aon anailís cheart ar acmhainn na mBallstát maidir leis an oibleagáid busanna nialas-astaíochta a sholáthar. Ní raibh sé i gceist sa mheasúnú tionchair ón gCoimisiún go leagfaí síos fo-sprioc do bhusanna nialas-astaíochta ná ní dhearnadh anailís ar a leithéid. Ní dhearna an Chomhairle aon mheasúnú tionchair ar an ngné sin ach oiread. Rogha bheartais is ea sprioc den chineál sin a leagan síos a imríonn tionchar nach beag ní hamháin ar na Ballstáit ach ar an tionscal chomh maith. Fágann sin nár cheart beart den chineál sin a ghlacadh faoi dheifir gan anailís a dhéanamh ar na hiarmhairtí a ghabhann leis.

I gcás na hEastóine, agus i bhfianaise na forbartha reatha i gcúrsaí teicneolaíochta agus bonneagair, lena n-áirítear praghas na teicneolaíochta, ní thagann i gceist ó thaobh busanna nialas-astaíochta (i gciall na Treorach) ach busanna leictreacha.  Le blianta beaga anuas, tá dhá cheann de na cathracha is mó dár gcuid tar éis conarthaí a shíniú i dtaca le tairiscintí fadtéarmacha don iompar poiblí. Tá an phríomhchathair féin tar éis gealltanas a thabhairt go ndéanfar athnuachan ar aon trian dá cuid busanna sna blianta amach romhainn le busanna dlúthgháis nádúrtha a úsáideann bithmheatán mar bhreosla. Tá an stát tar éis ról gníomhach a ghlacadh trí thacaíocht a thabhairt chun bonneagar athbhreoslúcháin don bhithmheatán a chur ar bun ar fud na tíre. Is bealach amháin é an bithmheatán, dar linne, le breosla nialas-astaíochta Co2 a sholáthar agus bealach le tuilleadh den ghníomhaíocht eacnamaíoch a thabhairt chomh fada leis na ceantair thuaithe trí bhithmheatán a tháirgeadh as fuíll talmhaíochta. Rannchuidíonn táirgeadh an bhithmheatáin as dramhaíl in-bhithmhillte le spriocanna an gheilleagair chiorclaigh a bhaint amach.

San Eastóin, is taobh le cúpla ceann de na bardais is mó atá formhór an tsoláthair phoiblí don iompar poiblí. Fágann sin gur mar seo atá: faoin mbliain 2025, is le hiompar fad-achair contae a bhainfidh formhór na gconarthaí soláthair bus; is don iompar uirbeach poiblí amháin a fheileann busanna leictreacha faoi láthair mar go bhfuil teorainn leis an achar a thig leo taisteal. Dá bhrí sin, tá an baol ann nach n-éireoidh linn an fho-sprioc a bhaint amach maidir le busanna nialas-astaíochta, don chéad tréimhse ar a laghad ar bith, anuas go 2025. Caitear leis an mbithmheatán mar bhreosla nialas-astaíochta $CO_2$ i bhfardal an gháis cheaptha teasa, agus d'fhéadfaí a áirithiú – ach úsáid a bhaint as a leithéid – gur shoraidhe don aistriú chuig an iompar íseal-astaíochta sna tíortha sin nach inmharthanach fós an rogha don iompar réigiúnach poiblí busanna leictreacha nó hidrigine.

Cuirimid ár dtiomantas agus ár dtacaíocht d'aidhmeanna agus cuspóirí na Treorach i dtreis an athuair, ach is oth leis an Eastóin gur le busanna leictreacha nó hidrigine amháin is féidir an fho-sprioc a bhaint amach. Ós amhlaidh atá, staonfaidh an Eastóin fad a bhaineann leis an togra reatha reachtach.

## **<u>Ráiteas ón Ostair</u>**

Tacaíonn an Ostair, den chuid is mó, le cuspóirí na Treorach seo agus is díol béime aici nach mór spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach le bearta soiléire. Bíodh sin mar atá, tá imní ar an Ostair mar nach léir fós iarmhairt airgeadais na Treorach agus go bhféadfadh sé go mbeadh de dheasca gan dréim ag na spriocanna a leagfaí síos d'earnáil an iompair phoiblí go bhfágfaí srian ar sholáthar seirbhísí iompair phoiblí. Ní hamháin sin ach tarraingeofar tuilleadh costais i ngeall ar an mbonneagar riachtanach a bheidh le tógáil. Dá bhrí sin, iarrann an Ostair ar an gCoimisiún Eorpach cláir náisiúnta thacaíochta a chur chun cinn chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach, go mór mór i dtaca leis an iompar poiblí, agus cláir mhaoiniúcháin agus thacaíochta a chur ar fáil freisin ar leibhéal an Aontais chun tacú leis an aistriú i dtreo feithiclí glana. Ina theannta sin, is troimide an t-ualach riaracháin cur chun feidhme na Treorach seo. Ar na cúiseanna sin, ní thig leis an Ostair an Treoir a fhormhuiniú. Staonfaidh sí, dá bhrí sin, agus an vóta á chaitheamh.

## **<u>Ráiteas ón bPolainn</u>**

Tacaíonn an Pholainn, go láidir, le cuspóirí na Treorach leasaithe atá á beartú, chun glacadh feithiclí glana (i.e. feithiclí íseal- agus nialas-astaíochta) sa mhargadh a mhéadú in earnáil an tsoláthair phoiblí agus rannchuidiú ar an gcaoi sin le hastaíochtaí foriomlána na hearnála iompair a laghdú agus le hiomaíochas agus fás na hearnála céanna.

Ó thús an phróisis seo, cur chuige tacúil a bhí ag an bPolainn i leith an togra ón gCoimisiún Eorpach, agus ba é a tiomantas teacht ar an gcomhréiteach ba iomchuí, ceann a bheadh sách uaillmhianach le haidhm an togra a bhaint amach ar an láimh amháin agus a bheadh sách praiticiúil ar an láimh eile chun go gcuirfí chun feidhme é.

Dar linn go bhfuil bonn fianaise lena bhfuil á bheartú ón gcéad lá ag an gCoimisiún agus uaillmhian dá réir. Ní hiomchuí, dar linn, leibhéal na spriocanna LDV a ardú gan bonn láidir anailíse, go mór mór ó tharla gur bunaithe ar mheasúnú ar infhaighteacht feithiclí saothair éadroim glana, agus ar aibíocht an mhargaidh sin, a bhí an leibhéal darb ísle uaillmhian a mhol an Coimisiún i dtaca le spriocanna LDV. Ní hamháin sin ach is é tuairim na Polainne gur 30 mí is ceart a bheith i dtréimhse an chur chun feidhme.

Ní fhágfadh an tréimhse ab fhaide sin droch-iarmhairt ar aidhmeanna na Treorach leasaithe. Go deimhin, d'fhágfadh sé go mbeadh breisluach ag dul le cáilíocht na mbeart cur chun feidhme. Ní ann d'aon réitigh réamhdhéanta sa Treoir leasaithe. D'áiritheofaí ach í a chur chun feidhme go mbainfí amach na haidhmeanna réamh-mheasta. Má táthar leis an Treoir seo a thrasuí sa dlí náisiúnta, ní mór dian-anailís a dhéanamh, agus réitigh nua a fhorbairt, a thástáil, agus a imscaradh chun na haidhmeanna a leagadh síos a bhaint amach.

Baineann a cuid sainiúlachtaí féin le gach réigiún agus le gach pobal i ngach tír, a cuid struchtúr agus spleáchas riaracháin féin, agus bíonn eintitis éagsúla ag ceannach feithiclí nó ag soláthar seirbhísí leo. I dtaca le réitigh nua, is é is dóichí go gcaithfear an dlí a athrú go fadiarmhartach agus an méid sin a chur faoi réir an phróisis pharlaimintigh.

Ós amhlaidh atá, ní thig leis an bPolainn tacú leis an Treoir sa riocht a bhfuil sí faoi láthair.

## Ráiteas ó Phoblacht na Seice

Cé go n-aithníonn Poblacht na Seice go hiomlán nach mór druidim i dtreo dhícharbónú na hearnála iompair, is údar mór imní di an Treoir seo ní hé amháin i dtaobh leibhéal na huaillmhéine inti ach go sonrach i dtaobh an drochiarmhairt a d'fhéadfadh sí a imirt ar cháilíocht an iompair phoiblí.

Is mian linn go gcoinneodh an Coimisiún súil i gcaitheamh an ama ar thionchar na Treorach nua seo ar na húdaráis chonarthacha. D'fhéadfadh an Treoir seo tionchar a imirt go mór mór ar na húdaráis sin atá freagrach as conarthaí soláthair phoiblí a bhronnadh, de réir na brí atá i Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007, darb ábhar seirbhísí iompair paisinéirí a sholáthar. Ní mór go mbeadh ar chumas an Choimisiúin bearta ceartaitheacha a chur ar fáil i gcás ina n-eascraíonn as cur chun feidhme na Treorach seo laghdú – i dtíortha nó i réigiúin áirithe – ar raon feidhme an iompair phoiblí a chuirtear ar fáil faoi chuimsiú oibleagáidí seirbhíse poiblí.

Iarraimid freisin ar an gCoimisiún féachaint ar gach beart dá bhfuil ann lena bhféadfaí tacú san am atá le teacht le cur chun feidhme na Treorach seo i réimse an iompair phoiblí lena n-áirítear bearta a bhaineann leis na rialacha státchabhrach.